

## Togra chun Fodhlíthe Teorainneacha Luais Speisialta (Bóithre Réigiúnacha &Áitiúla) (Uimh. 2) 2024 (Uimh. 2) 2024 a dhéanamh

Mar thoradh ar thosach feidhme an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 2024, déanfar athruithe ar theorainneacha luais réamshocraithe ar chatagóirí áirithe de bhóithre na hÉireann, ag tosú leis an athrú atá le teacht ar theorainneacha luais ar Bhóithre Tuaithe Áitiúla, trína mbeidh feidhm ag luasteorainn réamshocraithe 60 km san uair maidir le Bóithre Áitiúla go náisiúnta, seachas bóithre áitiúla i limistéir fhoirgnithe agus bóithre áitiúla ina bhfuil luasteorainn speisialta nó luasteorainn oibreacha bóthair curtha i bhfeidhm an bóthar sin nó cuid de.

De réir Alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004, arna leasú, agus ag féachaint do na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Iompair, tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Chorcaí fodhlíthe breise a thabhairt isteach.

Is é cuspóir na bhfodhlíthe breise líon teoranta bealaí bóthair áitiúla a choinneáil ag 80 km san uair mar theorainneacha luais speisialta chun foráil a dhéanamh do luasteorainn níos oiriúnaí ar bhóithre áitiúla áirithe.

Tá na dréacht-fhodhlíthe ar fáil lena n-iniúchadh le linn gnáthuaireanta oifige (9.00 r.n. go 5.00 i.n.) Luan go hAoine ó Déardaoin 1<sup>st</sup> Lúnasa go hAoine 30<sup>th</sup> Lúnasa, 2024 (an dá dháta san áireamh) ag na hOifigí Comhairle seo a leanas: -

- Halla an Chontae, Corcaigh
- Annabella, Mala
- Teach na Cúirte, Mainistir Fhear Maí
- An Lóiste, Mainistir na Corann
- Teach na Carraige, An Cóbh
- Bóthar an Teampaill, Carraig Uí Leighin
- Plás an Iarnróid, Droichead na Bandan
- Teach na Cúirte, An Sciobairín
- An Chearnóg, Beanntraí
- Halla an Bhaile, Maigh Chromtha

Tá na léarscáileanna ar fáil freisin le feiceáil ar líne ag [www.corkcoco.ie](http://www.corkcoco.ie)

Féadfaidh duine ar bith agóidí i gcoinne na ndréacht-fhodhlíthe a chur isteach le linn na tréimhse 30 lá dar tosach dáta chéadfhoilsithe an Fhógra seo, trí ríomhphost chuig [speedlimitreview@corkcoco.ie](mailto:speedlimitreview@corkcoco.ie) nó tríd an bpost nó trí sheachadadh láimhe, ar a bhfuil "Fodhlíthe Luasteorann Trácht ar Bhóithre Chomhairle Contae Chorcaí" marcáilte chuig Oifigeach Foirne, An tAonad um Bainistíocht agus Forbairt Bóithre, Annabella, Mala, Co. Chorcaí.

Luaigh an Uimhir Thagartha Míre ábhartha i d'aighneacht.

Is é dé hAoine an 30 Lúnasa, 2024 ag 4pm an lá is déanaí chun agóidí a fháil.

Niall Healy  
Stiúrthóir Seirbhíse  
Bóithre agus Iompar  
Comhairle Contae Chorcaí